Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)**

**13693/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0329(NLE)**

**TRANS 651
COWEB 120
ELARG 87**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Ms Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 536 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach den Chomhphobal Iompair a mhéid a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar rialacha nós imeachta an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh, ar na Rialacháin Foirne, agus ar thabhairt isteach rialacha nós imeachta an Choiste Idir-réitigh agus na rialacha maidir le réiteach díospóidí do Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 536 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 536 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.10.2022
COM(2022) 536 final

2022/0329 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach den Chomhphobal Iompair a mhéid a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar rialacha nós imeachta an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh, ar na Rialacháin Foirne, agus ar thabhairt isteach rialacha nós imeachta an Choiste Idir-réitigh agus na rialacha maidir le réiteach díospóidí do Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach, coiste a bunaíodh faoin gConradh agus lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ('TCT') a mhéid a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar rialacha nós imeachta an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh, ar rialacha nós imeachta an Choiste Idir-réitigh agus ar rialacha maidir le réiteach díospóidí do Rúnaíocht an Chomhphobail Iompair.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1 An Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair

An 1 Bealtaine 2019, dhaingnigh Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht na Macadóine Thuaidh, an Chosaiv[*] (dá ngairtear 'an Chosaiv' anseo feasta), Montainéagró agus Poblacht na Seirbia an TCT. Tá an tAontas Eorpach ina pháirtí sa TCT, tar éis Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair[1]. Tháinig an Conradh um an gComhphobal Iompair i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

### 2.2 An Coiste Stiúrtha Réigiúnach

Bunaítear an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le hAirteagal 24 TCT chun a bheith freagrach as TCT a riar agus as a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go cuí é. Chun na críche sin, déanann sé moltaí agus cinntí sna cásanna sin dá bhforáiltear sa Chonradh um an gComhphobal Iompair. Go sonrach, déanann an Coiste Stiúrtha Réigiúnach an méid seo a leanas:

(a) ullmhaíonn sé obair na Comhairle Aireachta,

(b) déanann sé cinntí maidir le coistí teicniúla a bhunú,

(c) déanann sé moltaí agus cinntí i gcomhréir leis an gConradh um an gComhphobal Iompair,

(d) a mhéid a bhaineann le gníomhartha nuaghlactha de chuid an Aontais, déanann sé beart de réir mar is iomchuí, go háirithe trí Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh um an gComhphobal Iompair a athbhreithniú,

(e) ceapann sé Stiúrthóir na Buanrúnaíochta tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Aireachta,

(f) féadfaidh sé Leas-Stiúrthóir amháin nó níos mó a cheapadh ar an mBuanrúnaíocht,

(g) leagann sé síos rialacha na Buanrúnaíochta,

---

[*] Ní dochar an t-ainmniú sin do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244 (1999) agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

[1] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1).

(h) féadfaidh sé, trí bhíthin cinnidh, leibhéal na ranníocaíochtaí buiséid a athbhreithniú,

(i) glacann sé buiséad bliantúil TCT,

(j) glacann sé an cinneadh lena sonraítear an nós imeachta le haghaidh an buiséad a chur chun feidhme, cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh agus cigireacht a dhéanamh,

(k) déanann sé cinntí faoi dhíospóidí a chuireann na Páirtithe Conarthacha ina láthair,

(l) glacann sé prionsabail ghinearálta sa réimse a bhaineann le rochtain ar dhoiciméid, i ndáil le doiciméid atá i seilbh comhlachtaí a bunaíodh leis an gConradh um an gComhphobal Iompair nó a bunaíodh faoin gConradh sin,

(m) glacann sé tuarascálacha bliantúla, a chuirtear faoi bhráid na Comhairle Aireachta, maidir le cur chun feidhme an Ghréasáin Chuimsithigh;

(n) i leith gníomhartha áirithe de chuid an Aontais, bunaíonn sé teorainneacha ama agus bealaí i dtaca le trasuí na ngníomhartha sin ag Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa.

Tá ionadaí agus ionadaí malartach de gach Páirtí Conarthach ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach. Is féidir le Ballstáit uile an Aontais a bheith rannpháirteach mar bhreathnóir. Is d'aon toil a ghníomhaíonn an Coiste Stiúrtha Réigiúnach.

## 2.3 An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach

Baineann an dréachtchinneadh ón gComhairle le glacadh cinntí ag an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach maidir lena rialacha nós imeachta a athbhreithniú, maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na Rialacháin Foirne, agus maidir le rialacha mionsonraithe nós imeachta an Choiste Idir-réitigh agus rialacha maidir le réiteach díospóidí do Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair a thabhairt isteach.

In Airteagail 14 agus 15 de Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair (arna nglacadh de bhun Chinneadh 03/2019 ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an 5 Meitheamh 2019) leagtar amach go dtabharfar isteach coiste idir-réitigh agus tá sé beartaithe leo go mbunófar a rialacha nós imeachta agus rialacha maidir le réiteach díospóidí (eadráin), chun díospóidí idir an Bhuanrúnaíocht agus comhaltaí dá foireann a rialú. Sna rialacha sin maidir le hidir-réiteach agus réiteach díospóidí bunófar na rialacha mionsonraithe chun é sin a chur i bhfeidhm sa chleachtas. Tá leasuithe áirithe ar Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair de dhíth i ndáil leis sin freisin.

Chomh maith leis sin, baineann an togra le haghaidh an Chinnidh ón gComhairle le hathrú ar rialacha nós imeachta an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh. Faoi láthair, ceanglaítear ar an mBuanrúnaíocht na doiciméid uile a sheoladh sé seachtaine roimh chruinniú den Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh. Ba cheart an tréimhse sin a ghiorrú go ceithre seachtaine, chun na dúshláin a sainaithníodh agus an tréimhse sé seachtaine atá ann faoi láthair á bhaint amach a chur san áireamh.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Is den riachtanas é go nglacfadh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach na cinntí sin chun go leanfadh d'fheidhmiú rianúil Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, agus chun cuspóirí TCT a

bhaint amach. Mar gur páirtí sa Chonradh um an gComhphobal Iompair é an tAontas, is gá seasamh an Aontais a bhunú.

Ar an ábhar sin, meabhraítear gur ghné amháin é TCT lena bhféadfaí an comhar réigiúnach a fheabhsú laistigh de na Balcáin Thiar, mar a mhínítear a thuilleadh sa togra ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le síniú TCT [COM(2017)324 final, fomhír 'An Comhthéacs Ginearálta'].

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1 Bunús dlí nós imeachta

*4.1.1 Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí ón gComhairle lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*'.

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[2].

*4.1.2 Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht a bunaíodh le comhaontú, mar atá an Conradh um an gComhphobal Iompair, é an Coiste Stiúrtha Réigiúnach.

Is gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo na gníomhartha atáthar ag iarraidh ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach a ghlacadh. A mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le hidir-réiteach agus réiteach agus réiteach díospóidí, cumhachtaítear don Choiste Stiúrtha Réigiúnach rialacha na Buanrúnaíochta a leagan síos i gcomhréir le hAirteagal 30 de TCT. Thairis sin, faoi Airteagal 24(1) de TCT, cuirtear de chúram ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Conradh sin a riar agus cur chun feidhme cuí an Chonartha a áirithiú. A mhéid a bhaineann leis na hathruithe atá beartaithe ar rialacha nós imeachta an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh, cumhachtaítear don chomhlacht sin a rialacha nós imeachta a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de TCT.

De thoradh a gcineáil, agus mar ábhar dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an Coiste Stiúrtha Réigiúnach, tá eilimintí sna rialacha atá beartaithe a dhéanann difear do sheasamh dlíthiúil na bpáirtithe sa Chonradh um an gComhphobal Iompair agus, dá bhrí sin, do sheasamh dlíthiúil an Aontais freisin. Dá bharr sin, ní mór a mheas gur rialacha iad a bhfuil éifeachtaí dlí leo.

Ní dhéantar creat institiúideach an Chonartha um an gComhphobal Iompair a fhorlíonadh ná a leasú leis na gníomhartha atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE an bunús dlí nós imeachta leis an gcinneadh atá beartaithe.

---

[2] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

## 4.2 Bunús substaintiúil dlí

*4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús substaintiúil dlí le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substaintiúil dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

Maidir le gníomh atá beartaithe a bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú leis ag an am céanna, nó a bhfuil roinnt comhpháirteanna éagsúla ann, ar cuspóirí nó comhpháirteanna iad a bhfuil dlúthnasc doscartha eatarthu gan aon cheann acu a bheith teagmhasach le hais an ceann eile, ní mór, ar bhonn eisceachtúil, na bunúis chomhfhreagracha dlí éagsúla a áireamh sa bhunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Leis an gConradh um an gComhphobal Iompair, saothraítear cuspóirí i réimsí an iompair de bhóthar, d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre, ar modhanna iompair iad a chumhdaítear le hAirteagal 91 CFAE, agus i réimse an iompair de mhuir freisin, modh iompair a chumhdaítear le hAirteagal 100(2) CFAE, agus baineann comhpháirteanna den Chonradh leis na réimsí sin. Ós gníomh cothrománach é, baineann an gníomh atá beartaithe leis na nithe sin uile. Tá na heilimintí sin uile i ndlúthnasc doscartha le chéile gan ceann amháin a bheith tánaisteach leis an gceann eile.

Dá bhrí sin, is iad na forálacha seo a leanas an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe: Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) CFAE.

## 4.3 Conclúid

Ba cheart Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina mbunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

2022/0329 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach den Chomhphobal Iompair a mhéid a bhaineann le hathbhreithniú a dhéanamh ar rialacha nós imeachta an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh, ar na Rialacháin Foirne, agus ar thabhairt isteach rialacha nós imeachta an Choiste Idir-réitigh agus na rialacha maidir le réiteach díospóidí do Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle[3].

(2) Formheasadh TCT thar ceann an Aontais an 4 Márta 2019[4] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(3) Bunaíodh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair chun an Conradh a riar agus a chur chun feidhme mar is cuí.

(4) Chun na críche sin, glacfaidh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach, faoi Airteagal 24(5) den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, a rialacha nós imeachta. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 30 den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, leagfaidh sé síos rialacha Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair.

(5) Tá sé beartaithe go nglacfaidh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach cinneadh maidir leis na leasuithe ar a rialacha nós imeachta, chun foráil a dhéanamh maidir le teorainn ama níos giorra chun an dréachtchlár oibre agus aon doiciméid ghaolmhara a dháileadh roimh chruinniú den Choiste, cinneadh maidir le glacadh rialacha nós imeachta an Choiste Idir-réitigh agus rialacha maidir le réiteach díospóidí is infheidhme maidir leis an mBuanrúnaíocht a ghlacadh, chun díospóidí idir an Bhuanrúnaíocht agus comhaltaí dá foireann a rialú, agus cinneadh maidir leis na leasuithe ar Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair atá de dhíth de thoradh ar ghlacadh na rialacha thuasluaite.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach a bhunú maidir le glacadh na gcinntí thuasluaite, óir tá na cinntí sin riachtanach do dhea-fheidhmiú na Buanrúnaíochta.

---

[3] Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle an 11 Iúil 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, IO L 278, 27.10.2017, lch. 1

[4] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, IO L 71, 13.3.2019, lgh. 1-4

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach den Chomhphobal Iompair a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar a rialacha nós imeachta , rialacha nós imeachta an Choiste Idir-réitigh agus na rialacha maidir le réiteach díospóidí do Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, agus na leasuithe ar Rialacháin Foirne an Chomhphobail Iompair, is bunaithe ar dhréachtchinntí an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh atá i gceangal leis an gCinneadh seo a bheidh siad.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais laistigh den Choiste Stiúrtha Réigiúnach toiliú le mionathruithe ar na dréachtchinntí sin gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*